Parlaimint na hEorpa
2024-2029

TÉACSANNA ARNA nGLACADH

P10_TA(2025)0211

Síneadh a chur leis an maolú d'fheithiclí tromshaothair astaíochtaí nialasacha

Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 7 Deireadh Fómhair 2025 ar an togra le haghaidh treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 1999/62/CE a mhéid a bhaineann le síneadh a chur leis an tréimhse inar féidir le feithiclí tromshaothair astaíochtaí nialasacha tairbhiú de rátaí muirear bonneagair nó úsáideora atá laghdaithe go suntasach nó de dhíolúintí ó na muirir sin a íoc (COM(2025)0348 – C10-0130/2025 – 2025/0188(COD))

(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig an Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2025)0348),

– ag féachaint d’Airteagal 294(2) agus d’Airteagal 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C10-0130/2025),

– ag féachaint d’Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do thuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 18 Meán Fómhair 2025[1],

– tar éis dul i gcomhairle le Coiste na Réigiún,

– ag féachaint don ghealltanas a thug ionadaí na Comhairle i litir dar dáta an 10 Meán Fómhair 2025 go ndéanfadh sí seasamh Pharlaimint na hEorpa a fhormheas, i gcomhréir le hAirteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

[1] Nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil.

– ag féachaint do Rialacha 60 agus 170 dá Rialacha Nós Imeachta,

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

P10_TC1-COD(2025)0188

Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa arna ghlacadh ar an gcéad léamh an 7 Deireadh Fómhair 2025 chun go nglacfaí Treoir (AE) 2025/... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 1999/62/CE a mhéid a bhaineann le síneadh a chur leis an tréimhse inar féidir le feithiclí tromshaothair astaíochtaí nialasacha tairbhiú de rátaí muirear bonneagair nó úsáideora atá laghdaithe go suntasach nó de dhíolúintí ó na muirir sin a íoc

(Ós rud é gur tháinig an Pharlaimint agus an Chomhairle ar chomhaontú, comhfhreagraíonn seasamh na Parlaiminte don ghníomh reachtach críochnaitheach, Treoir (AE) 2025/2459.)